

A Chathaoirligh, a chara,
A Thaoisigh, a chara,
A Thánaiste, a chara,
A Chomhaltaí onóracha an Oireachtais

A Dhaoine Uaisle,

Go raibh maith agaibh, is mór agam a bheith in bhur dteannta anseo inniu. Is onóir dom é a bheith i gCathair Ghnaíúil Bhaile Átha Cliath, agus ionadócht á déanamh agam ar Pharlaimint na hEorpa, caoga bliain tar éis d'Éirinn dul isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, mar a bhí ann fós an tráth sin.

Ní beag an dul chun cinn atá déanta againn le chéile in imeacht caoga bliain. Ó dhul isteach sa Mhargadh Aonair agus sa limistéar Euro, ó chabhrú le hidirbheartaíocht a dhéanamh ar bhaint amach na síochána, go daingniú a dhéanamh ar phrótacal Thuaisceart Éireann. Ó dheiseanna trádála, taistil agus staidéir, go hoibriú ar mhaithe leis an gceartas sóisialta, le hurraim don smacht reachta, leis na luachanna agus na cearta bunúsacha chun maireachtáil faoi dhínit agus go sábháilte a chinntiú.

Is luachanna Éireannacha iad na hidéil Eorpacha seo. Ní eintiteas i bhfad i gcéin a dhéanann cinntí ar bhur son atá san Aontas Eorpach. Is fúibhse atá sé na cinntí sin a dhéanamh. Is ionann Éire agus an Eoraip. Agus is ionann an Eoraip agus Éire. Ní dhéantar aon chinneadh gan sibhse a chur san áireamh.

Is iad Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh, croílár na hEorpa. Nuair a bhásaigh an deichniúr ar an gCraoslach, chaoineamar iad in éineacht libh. Nuair a dhéantar iriseoirí, amhail Veronica Guerin, a mharú as labhairt amach, mothaímid an t-uafás céanna agus táimid chomh diongbháilte céanna go ndéanfar ceartas a bhaint amach ina leith. Nuair a bhí an neamhchinnteacht os comhair na hÉireann go díreach i ndiaidh Brexit, b'ionann bhur seasamh agus ár seasamh féin. Chuireamar tharainn an méid sin ar fad i gcomhair le chéile agus leanfaimid de bheith i gcomhair le chéile.

Dúradh liom nach raibh sé de chead ag mná pósta na hÉireann oibriú sa tseirbhís phoiblí 50 bliain ó shin. Bheadh sé dodhéanta a shamhlú an tráth sin, go mbeadh bean - ar a laghad ar bith, bean a rugadh ar oileán i gceartlár mhuir Theas na hEorpa - ina seasamh os bhur gcomhair anseo inniu. Is léiriú é sin ar chuid de bhfuil ar chumas na hEorpa a dhéanamh. Ar conas is féidir léi athrú ó bhonn a chur i gcrích. Ar conas is féidir léi a bheith ina cothromóir dúinn, cothromóir a bhfuil gá againn lena leithéid a bheith ann.

Ní beag an dul chun cinn atá déanta againn. Ach níl ceann scríbe sroichte againn go fóill.

Is mó atá i gceist leis an Eoraip ná cistí d'fheirmeoirí na hÉireann, comhtháthú, digiteáil, téarnamh, bonneagair, bóithre nó teicneolaíocht ghlan. Tá an tuiscint bhunúsach i gceist leis gur chun tairbhe dúinn uile é nuair a oibrímid as lámh a chéile. Tá cinniúint is coiteann dúinn i gceist leis. Todhchaí chomhroinnte.

Ní hionann ár dteangacha, stair, cultúir, traidisiúin, creideamh ná cumais ach, tá na luachanna céanna againn, luachanna atá mar bhunchloch do gach uile ní a dhéanaimid a chur i gcrích. Is í an éagsúlacht gnaoi na haontachta.

Dúirt an tÉireannach agus an tEorpach iomráiteach, John Hume, uair amháin, - ‘Is í an éagsúlacht dlúth agus inneach na daonnachta. Níor cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an éagsúlacht riamh ina foinse ag an bhfuath ná ag an gcoinbhleacht. Is ansin atá fáil ar phrionsabal is bunúsaí na síochána: an urraim don éagsúlacht.’

Ní comhaontachas aonchineálach atá san Eoraip. Ní fhéachann sí le muid uile a bheith ar aon mhúnla amháin. Iarracht a dhéanamh comhdheiseanna a chinntiú, is é sin is bonn leis an Eoraip. ‘Cothromú’ a bhaint amach. Deireadh a chur le timthrialta na coraíochta a leanann ó ghlúin go glúin. Agus gníomhú ar thóir na fíorshíochána.

Agus is beag áit san Eoraip ina bhfuil an teachtaireacht sin chomh tábhachtach agus ina bhfuil tuiscint chomh domhain sin ina leith agus atá sa tír iontach seo.

Le 343 lá anuas - cuirtear i gcuimhne dúinn le hionradh brúidiúil agus neamhdhleathach na Rúise ar stát ceannasach agus neamhspleách na hÚcráine agus le crógacht mhuintir na hÚcráine - nach féidir deimhin a dhéanamh den dul chun cinn ná den cheartas. Ní féidir talamh slán a dhéanamh den daonlathas. Ní féidir talamh slán a dhéanamh den Eoraip.

In éadan an mhillteanais, an léirscios agus an bháis, leanann muintir na hÉireann de dhlúthpháirtíocht a léiriú agus cabhair á tabhairt acu d’os cionn 70,000 duine de mhuintir na hÚcráine a easáitíodh óna dtír féin.

Téann léiriú na comhbhá i bhfad siar sa stair le muintir na hÉireann. A gcásmhaireacht. A dtoilteanas seasamh a thógáil.

Agus as an méid a léiriú don domhan ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh. Maith sibh.

Óir gurb í Eoraip na báúlachta, Eoraip na fíorshíochána agus Eoraip an cheartais, an Eoraip atá uainne as seo go ceann 50 bliain eile.

Leanfaimid orainn, mar sin, ag seasamh leis an Úcráin in 2023, agus déanfaimid amhlaidh chomh fada agus a mbeidh gá leis.

Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt don Úcráin le cabhair airgeadais, cabhair dhaonnúil agus cúnaimh airgeadais, tacaíocht mhíleata agus dlúthpháirtíocht phraiticiúil.

Theastaigh uaim buíochas a ghabháil le muintir na hÉireann ar fud na tíre as a dtacaíocht leanúnach d’fheachtas Ghineadóirí Dóchais Parlaimint na hEorpa, feachtas chun gineadóirí leictreacha a aimsiú a chuireann ar chumas áiseanna riachtanacha san Úcráin leanúint de bheith ag feidhmiú: in ospidéal, scoileanna, ionaid dídine agus tuilleadh thairis sin.

I ngeall ar fhéith bháuil na tíre seo - tá sé cruthaithe agaibh go mion minic gurb ionann an chomhbhá agus léiriú na láidreachta.

Bhí sé sách ráite ag Barack Obama, Iar-Uachtarán na Stát Aontaithe, nuair a dúirt sé: ‘Is minic lorg na dtrialacha is anróití agus an dóláis is troime a bheith le sonrú ar stair sin agaibhse. Ach tá diongbháilteacht mhórtasach agus dhúshlánach i gceist le bhur stair freisin. De náisiún a choinnigh aithinne an eolais beo le linn na ré dorcha; a sháraigh an fhorghabháil agus nár ghéill do thréimhsí na seascachta; a rinne a chuid Trioblóidí a chloígh – de dhaoine athléimneacha ar éirigh leo, in ainneoin an mhéid uile a bhí rompu le sárú.’

Bhí an ceart aige. Tá scéal na hÉireann ar scéal ina bhfaightear an ceann is fearr ar na dúshláin atá le sárú, scéal na coraíochta, na híobarta, scéal ina seastar an fód agus ina dtagtar slán as an aimhleas ar bhonn níos láidre - ceachtanna a mbeidh ar an Eoraip a bheith eolach orthu, chun aghaidh a thabhairt ar an mbliain atá romhainn.

I ngeall, ná bíodh aon dul amú orainn, go bhfuilimid ag maireachtáil i dtréimhse ina bhfuil an iliomad géarchéim ag tarlú go comhuaineach i réimsí éagsúla. Cogadh, ganntanas fuinnimh, praghsanna leictreachais ag ardú as cuimse, ardú ar an gcostas maireachtála agus díothú á dhéanamh ag an mboilsciú ar luach sócmhainní, tionchar á imirt ag rátaí úis ar iasachtaíocht rialtais agus ar na margáí tithíochta, ganntanas amhábhhar agus ganntanas bia ar bhonn domhanda ar féidir leis tarlú trí bhac gearrthréimhse amháin ar thrácht mara calafoirt a chur i bhfeidhm.

Leis an méid sin, i gcomhthéacs ár dtéarnaimh leanúnaigh ón bpaindéim, na géarchéime aeráide, agus a bheith ag maireachtáil trí bhrú eacnamaíoch méadaithe ón Oirthear agus ón Iarthar, a bhfuil tionchar á imirt aige ar ár n-iomaíochas.

Ciallaítear go bhfuil teaghlaigh ag streachailt chun fad a bhaint as a bpá go dtí deireadh na míosa. Ciallaítear go bhfuil méadú tagtha ar an mbrú sóisialta, go bhfuil ar dhaoine san Eoraip rogha a dhéanamh idir a gcuid leanaí a bheathú agus a dtithe a théamh. Ciallaítear go bhfuil méadú tagtha ar easpa dídine agus ar an easpa dóchais.

Tá na dúshláin soiléir, ach tá a fhios agam gur féidir linn dul i ngleic leis an méid sin ceann ar aghaidh.

Ní féidir le haon tír aghaidh a thabhairt air sin ina haonar. Is i gcomhair le chéile amháin, ar féidir linn fás eacnamaíoch a athbhunú agus freagraí a aimsiú ar na ceistanna a chuireann daoine orainn mar a n-ionadaithe.

Agus is é cúram Pharlaimint na hEorpa cabhrú leis an gcreat rialála Eorpach a chur ar fáil chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Chun a léiriú gur féidir linn poist a thabhairt slán, sainréimsí eacnamaíocha nua a chruthú, nuachóiriú a dhéanamh ar an athrú aeráide agus aghaidh a thabhairt air ag an am céanna. Sin é atá i gceist le cistí Next Generation EU.

Ní mór dúinn cabhrú lenár ngnólachtaí agus lenár dtionscail dul san iomaíocht. Is féidir linn seasamh i gcoinne chathú na ró-chaomhnaitheachta ach ní mór cothrom iomaíochta, intuarthacht agus iontaoibh a bheith ann dóibh.

Sin é an chaoi ar féidir linn leanúint d'infheistíocht agus de thionsclaíocht a mhealladh chun na hEorpa. Is féidir linn foghlaim ó théarnamh maicreacnamaíoch suntasach na hÉireann, agus ón gcaoi ar dhéileáil sibh leis na dúshláin a bhaineann le Brexit.

Beidh ról lárnach ag Éirinn agus aghaidh á tabhairt aici ar na dúshláin atá amach romhainn, go háirithe, ó d'imigh an Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach. Rud is oth leis an Aontas Eorpach; ach a urramaíonn an cinneadh, mar rogha dhaonlathach thromlach de mhuintir na Breataine.

Deirim nár loic an tAontas Eorpach ina dhlúthpháirtíocht le hÉirinn, agus gur le sibhialtacht agus le hurraim don smacht reachta a leanfaidh an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe dá gcuidreamh a shaothrú.

Ní fhágfaimid sibh in bhuir n-aonar.

A Chomhaltaí Onóracha,

Tar éis 50 bliain, leanann Éire de bheith ina ball díograiseach d'fhoireann an Aontais Eorpaigh, a thacaíonn le luachanna an Aontais Eorpaigh a fhéachann le comhionannais, ceartais agus cúraim sa bhreis a bhaint amach.

In imeacht lá amháin, i ndiaidh Lá Fhéile Bríde, níl aon amhras ann, sa tír seo, faoina thábhachtaí agus atá cúrsaí cúraim. Agus ní mór rochtain a bheith ag cách ar chúram sláinte. Le linn na paindéime, bhí an tAontas Eorpach chun tosaigh agus ghlac sé ceannaireacht ar chúrsaí cúraim sláinte. Bhíomar diongbháilte ó thaobh vacsaíní agus aerálaithe de a dhaingniú do mhuintir uile na mBallstát. Anois, ní mór dúinn tuilleadh a dhéanamh agus fíor-Aontas Sláinte a chruthú. Is é sin an bealach is fearr inar féidir linn onóir a léiriú do laochas neamhaitheanta na n-oibrithe agus na gcúramóirí túslíne anseo in Éirinn agus ar fud na hEorpa.

Tá an ceartas sóisialta go hard chun tosaigh ar chlár oibre Fheisirí na hÉireann i bParlaimint na hEorpa. Agus deirim an méid seo, go bhfuil FPEanna na hÉireann chun tosaigh sna díospóireachtaí san Eoraip ar an meabhairshláinte, an comhshaol, an comhionannas inscne, an talmhaíocht agus an fheirmeoireacht, ar fhoréigean teaghlaigh agus feimeamharuithe a chomhrac, agus go leor eile. Bíonn Éire chun tosaigh.

Tá a fhios agam go raibh cúpla seachtain dheacair ag Parlaimint na hEorpa, ach táim muiníneach go ndéanfimid ár gcórais a réiteach agus iontaoibh a chothú arís. Ar ndóigh, b'fherr liom dá mbeadh aird an domhain dírithe ar an obair mhór a dhéanann Feisirí na Parlaiminte gach uile lá. Ar na comhaontuithe atá bainte amach againn ar an aeráid, ar an imirce agus tearmann, ar chúrsaí fuinnimh, ar chistiú agus ar thacaíocht don Úcráin; ar an méid atá déanta againn chun an smacht reachta a chosaint agus chun ár gcur chuige luachbhunaithe a neartú.

Mar a dúirt an Taoiseach cúpla seachtain ó shin, is sárchumhacht luachanna é an tionscadal Eorpach. Níor cheart dúinn é sin a ligean i ndearmad. Tá sé tábhachtach a chur i gcuimhne do dhaoine a bhfuil i gceist leis an Eoraip, agus cabhrú leo braistint an dóchais agus an tsoirbhíochais a athbhunú inár dtionscadal Eorpach.

An bhliain seo chugainn iarrfar ar mhuintir na hÉireann vóta a chaitheamh thar ceann a n-ionadaithe i bParlaimint na hEorpa. Impím ar ógra na hÉireann go háirithe: rogha a dhéanamh. Vótáil. Tá níos mó i gceist le bhur vóta ná mar is féidir libh a shamhlú. Tá bhur nguth níos tábhachtaí má mar is eol daoibh.

Níl an Eoraip saor ón locht ná ón bhfrustrachas. Is amhlaidh atá i mo chás féin. Sílim go gcaithfimid a bheith macánta faoinár dteipeanna chomh mór céanna lenár n-éachtaí. Tá go leor ar féidir linn a fheabhsú i gcomhair le chéile. Agus táimid meáite ar an méid a bhfuil gá leis a chur i gcrích.

Bí rannpháirteach sa chomhrá sin, ná géill do chompord na soiniúilachta éasca, soiniúilacht a bhíonn á scaipeadh acu siúd a deir nach dtagann athrú ar aon ní riamh.

Tá siadsan mícheart. Tá an caoga bliain a chuaigh thart ina chruthúnas air sin.

Agus i gcás na hÉireann san Eoraip agus i gcás na hEorpa in Éirinn, tá a fhios agam go mbeidh scéal iontach rathúil le haithris le linn an chaoga bliain atá romhainn.

I ngeall gurb ionann Éire agus an Eoraip agus gurb ionann an Eoraip agus Éire.